Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2010**

# Staidéar Gnó

## Aonad Measúnaithe A2 2

*ag measúnú*

## An Timpeallacht Athraitheach Ghnó

**[AT221]**

AT221

**DÉ MÁIRT 25 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair an **t-aon** cheist **amháin**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa ar fud an pháipéir.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit an t-am atá ar fáil don scrúdú a roinnt de réir na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Déan staidéar ar an fhaisnéis thíos agus freagair an cheist a leanann.

## Clothes 4 U plc

**Foinse 1: Sleachta ó shuíomh gréasáin an chomhlachta**

- Is miondíoltóir éadaí é Clothes 4 U plc a bhfuil 1500 siopa aige fud fad na Ríochta Aontaithe.
- Tá siopaí de chuid Clothes 4 U plc suite ar chuid mhór de phríomhshráideanna na RA agus in ionaid mhóra siopadóireachta. Tá ríomhthráchtáil ina cuid shuntasach den ghnó aige agus tá borradh gasta fúithi.
- Liostaíodh an comhlacht ar Stocmhargadh Londan den chéad uair in 1934, agus faoin am sin bhí 400 siopa aige.
- Bunaíodh an comhlacht in 1903 faoin ainm The Good Tailoring Company.
- Díolann Clothes 4 U plc éadaí le fir agus mná meánaicmeacha, daoine atá san aoisghrúpa 16–30 den chuid is mó.
- Tá an cúlú sa RA ag dul i bhfeidhm ar Clothes 4 U plc le blianta beaga anuas agus tá iarracht déanta aige teacht ar dhóigheanna le riar ar riachtanais a gcuid custaiméirí.

**Foinse 2: Faisnéis airgeadais a bhaineann le Clothes 4 U plc**

| | **2007** | **2008** | **2009** |
|---|---|---|---|
| Díolacháin | £92.1 milliún | £89.3 milliún | £70.3 milliún |
| Brabús Glan | £9.3 milliún | £7.4 milliún | £3.9 milliún |
| ROCE | 6.1% | 4.3% | 2.1% |
| Cóimheas Reatha | 2.3:1 | 1.9:1 | 1.2:1 |

**Foinse 3: Sleachta ó www.news.bbc.co.uk**

**Cad é a bhí ag tarlú i bPríomhshráideanna fud fad na RA?**

1. Níos Lú Siopaí Éadaí Ann do Mhná

Tá chóir a bheith siopa amháin, as gach cúig shiopa éadaí ban agus páistí ar fud na RA, i ndiaidh druidim ar na mallaibh. "Is é seo an t-aon réimse amháin a bhfuil caiteachas lánroghnach ag baint leis," arsa Matthew Hopkinson, Stiúrthóir Forbairt Gnó ag Local Data Company. "Tá daoine ag dul chuig George in Asda, chuig Primark nó chuig miondíoltóirí lascaine eile."

2. Níos Mó Siopaí Folmha Ann

Leis an fhianaise is suntasaí ar an chúlú a fháil níl le déanamh ach siúl síos Príomhshráid ar bith. Dar le Experian, is é thart faoi 13.5 ar bhonn náisiúnta an céatadán de na siopaí atá folamh faoi láthair agus tá sé á thuar go mbeidh sé chomh hard le 15% faoi dheireadh 2009, ach go mbeidh feabhsú beag ann faoi Mheitheamh 2010 nuair is é 14.5 an céatadán a bheidh folamh.

3. Borradh faoin Siopa Lascaine

Tá 1423 siopa lascaine sa RA. Is méadú de 60% é sin ó thosaigh an cúlú eacnamaíochta. Thapaigh siopaí amhail Poundland agus na Siopaí 99p an deis le dul i bhfeidhm ar na tomhaltóirí sin atá tiomanta d'airgead a shábháil nuair is féidir é. Chomh maith leis sin, chinntigh siad go rachadh an farasbarr stoic as tíortha mar an tSín agus na hOileáin Fhilipíneacha chun tairbhe dóibh féin.

4. Níos Mó Siopaí Carthanachta

"Ní théann líon na siopaí carthanachta chun tairbhe do mhiondíoltóirí mar níl siad chomh sásta sin anois siopa nua a bhunú," a deir Greg Hodge ó Planet Retail. "Téann na rátaí is lú chun tairbhe dóibh siúd agus tá an slabhra soláthair acu níos solúbtha," ar seisean. "Is féidir leo siopa nua a oscailt go gasta mar ní chaithfidh gur siopa iontach é, níl orthu bogearraí TF a chur i bhfeidhm, ní gá dóibh clibeanna a chur ar na hearraí nó oifig chúil a bheith acu le monatóireacht a dhéanamh ar an stoc."

*Arna chur in oiriúint ó: http://news.bbc.co.uk/go/pr/fr/-/1/hi/business/8344189.stm: 2009/11/05*

**An cúlú "is measa riamh" i dTÉ**

Is léir ó thuairisc ar an gheilleagar go bhfuil an cúlú is measa riamh faoi lán siúil i dTuaisceart Éireann faoi láthair. Na cuntasóirí Ernst agus Young a rinne an tuairisc agus maítear inti go dtiocfaidh laghdú de 7% ar gheilleagar an oileáin iomláin i mbliana. Maítear inti chomh maith gur féidir go dtógfaidh sé idir dhá mhí dhéag agus dhá bhliain le go mbeidh an geilleagar i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann ag fás arís.

Deir duine d'údair na tuairisce, cé go bhfuil comharthaí ann go bhfuil cúrsaí ag teacht chucu féin arís, gur féidir gur cúlú 'ísliú dúbailte' a bheidh ann. Bíonn cúlú 'ísliú dúbailte' ann nuair a chrapann an geilleagar i ndiaidh don gheilleagar a bheith ag fás i gceathrú amháin. Má tharlaíonn sé sin, is féidir gur comhartha é gur cúlú is doimhne agus is faide a bheidh ann.

*© From BBC News at http://news.bbc.co.uk/1/hi/northern_ireland/8351807.stm*

## Foinse 4: Alt Nuachtáin ar Z Factor Clothing

**An Miondíoltóir Lascaine, Z Factor Clothing, á Cháineadh as an Drochíde a thugann sé dá fhoireann**

Arís agus arís eile, cháin ceardchumainn sa Ghearmáin agus i dtíortha eile an miondíoltóir lascaine, Z Factor Clothing, as drochíde a thabhairt dá oibrithe. Tuairiscíodh i gcuid mhór nuachtán go ndéanann Z Factor Clothing spiaireacht ar a lucht oibre le ceamaraí, go nglacann sé cuid mhór nótaí ar iompar na bhfostaithe, go ndíríonn sé go háirithe ar oibrithe baineanna a d'fhéadfadh a bheith torrach a bhriseadh as a bpost, agus go gcuireann sé iachall fosta ar an fhoireann sna stórais obair tascráta a dhéanamh cé go bhfuil sé sin mídhleathach san AE anois. San Iodail, in 2003, dhaor breitheamh Z Factor Clothing mar gheall ar pholasaithe frith-cheardchumainn a bheith aige, rud ar coir é sa tír sin.

I Márta 2008, d'fhoilsigh irisleabhar nuachta sa Ghearmáin scéal clúdaigh inar tuairiscíodh go raibh na hoibrithe in Z Factor Clothing á bhfaire go rialta agus go raibh mionsonraí ar a saol príobháideach i gceist.

## Foinse 5: Primark

Is comhlacht miondíola é Primark a dhíolann éadaí lascaine. Ar na bunluachanna atá aige tá cúram daoine, dea-chaidreamh comharsanúil agus caidreamh eiticiúil gnó a chothú. Tá prionsabail aige chomh maith i dtaca le cearta daonna, dálaí fostaíochta, cleachtas gnó, soláthraithe agus geallsealbhóirí eile.

Mar ghnó idirnáisiúnta a bhfuil slabhra soláthair ar fud an domhain aige, glacann Primark leis go gcaithfidh sé bheith ag trádáil ar bhonn eiticiúil. Mar chuid de seo, cinntíonn sé go seasann soláthraithe le luachanna agus go gcaitheann siad go maith le fostaithe.

*Arna chur in oiriúint ó: http//www.primark.co.uk/Ethical/Values*

## Foinse 6: Grúpa Arcadia

Is comhlacht miondíola Briotanach í **Grúpa Arcadia Teoranta** ar leis na miondíoltóirí éadaí príomhshráide Burton, Dorothy Perkins, Evans, Miss Selfridge, Topman, Topshop agus Wallis. Tá breis agus 2500 siopa ag an ghrúpa sa RA.

**Buaicphointí airgeadais don Ghrúpa Arcadia 2008/2009**
Brabús roimh cháin de £213.6m, méadú 13.0% ó £188.9m.
Méadú 2.7% ar dhíolacháin iomlána ag £1897.7m. Bhí díolacháin chomhchineáil (like-for-like) sa RA mar a bhí anuraidh.
Infheistiú leanúnach caipitil sa ghnó agus caiteachas £81.2m.

*© The Arcadia Group Ltd*

**Foinse 7: Cúlra na Tuairisce**

Bhí cruinniú boird ag stiúrthóirí Clothes 4 U plc, nach bhfuil ag éirí leis, ar na mallaibh agus bhí siad buartha faoin dóigh a dtiocfadh an comhlacht slán as an timpeallacht eacnamaíoch atá ann faoi láthair. Is léir ó na figiúirí díolacháin agus brabúsachta an straitéis atá ag an eagraíocht faoi láthair. Ag an chruinniú, chuir Jim Saunders, an Stiúrthóir Bainistíochta, taighde a choimisiúnaigh sé i láthair. San áireamh anseo, luadh an seans go bhféadfaí comhaontú saincheadúnais a dhéanamh le Z Factor Clothing, miondíoltóir sa Ghearmáin a dhéanann sainfheidmiú ar éadaí faiseanta do dhaoine ar ioncam íseal.

Síleann Jim go mbeadh an deis saincheadúnais seo ina cuidiú ag Clothes 4 U plc brabús go leor a dhéanamh le teacht slán. Síleann sé go mbeadh barainneachtaí scála ann dá bharr chomh maith. Tá stiúrthóirí áirithe ar aon intinn leis, agus mar thacú leis an tuairim seo, luann siad an dóigh ar éirigh le miondíoltóirí éadaí amhail Primark agus George in Asda, a dhíríonn ar an mhargadh seo chomh maith.

Tá stiúrthóirí eile buartha, áfach, go ndéanfadh a mhacasamhail de straitéis dochar d'íomhá an chomhlachta. Síleann cuid acu go bhfuil an cúlú sa timthriall gnó i ngeilleagar na RA ag teacht chun deiridh agus nach fada go dtiocfaidh an geilleagar chuige féin arís. Luaigh siad chomh maith na torthaí dearfacha a bhí ag an Ghrúpa Arcadia, arb é an t-iomaitheoir is mó atá ag Clothes 4 U plc, agus tá siad buartha go mbeadh £3.8 milliún de dhíth leis an saincheadúnas a dhéanamh, ar infheistiú suntasach caipitil é.

Mar chomhréiteach, mhol Jim go n-osclódh Clothes 4 U plc brainse de Z Factor Clothing i dTuaisceart Éireann leis an mhargadh a thriail. Luaigh sé go gcosnódh an tionscadal i dTuaisceart Éireann £100 000.

**Ceist 1**

Is comhairleach le Clothes 4 U plc thú. Tá ort tuairisc fhoirmiúil dar teideal "Saincheadúnas Z Factor Clothing – an bealach chun tosaigh?" a ullmhú.

Is é aidhm na tuairisce fadhbanna Clothes 4 U plc i láthair na huaire a iniúchadh, na mórcheisteanna a bhaineann leis an saincheadúnas a anailísiú agus a mheas cé acu a rachadh an saincheadúnas molta chun tairbhe do scairshealbhóirí agus geallsealbhóirí nó nach rachadh.

Ba chóir go mbeadh formáid chuí ar do thuairisc agus ba chóir go mbeadh moltaí inti d'fhoireann bhainistíochta Clothes 4 U plc.

(**Is féidir** go mbeidh sé ina chuidiú agat **cuid** de na réimsí seo a leanas a phlé sa tuairsic: na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leis an socrú saincheadúnais i dTuaisceart Éireann, na freagrachtaí sóisialta atá ar Clothes 4 U plc, an éifeacht a bheidh ag an saincheadúnas ar an íomhá chorparáideach, timthriallta gnó, mórcheisteanna eiticiúla a bhaineann le soláthraithe, barainneachtaí scála, anailís LLDB (SWOT), an éifeacht a bheidh ag teicneolaíocht úr, athrú a bhainistiú.)

[80]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.